Cad é air a spreagann sé thú a bheith ag smaoineamh?

A Bheith Cruthaitheach

1. Cad é air a spreagann an tasc seo thú a bheith ag smaoineamh?
2. Déan liosta de na ceisteanna ba mhaith leat a chur faoi.
3. Cé acu de na ceisteanna seo a thabharfaidh an freagra is fearr duit?
4. Scríobh an cheist sin ar leathanach.
5. An dtig leat an cheist a fhiosrú leis an fhreagra a fháil?

Smaoineamh a roghnú

1. Más féidir, labhair le cara leat faoi cad é a thiocfadh leat a dhéanamh leis an tasc seo a chur i gcrích.
2. Déan liosta de na smaointe uilig atá agat.
3. Cad iad na smaointe is fearr, dar leat?
4. Cad chuige?
5. Roghnaigh ceann acu agus dean é a thriail.

Rinne mé meancóg? Cad é a thig liom a fhoghlaim uaithi?

A Bheith Cruthaitheach

1. Smaoinigh ar mheancóg a rinne tú.
2. Scríobh an fáth a ndearna tú an mheancóg.
3. Cad é a d'fhoghlaim uaidh seo?
4. Cad é a dhéanfaidh tú an chéad uair eile le nach dtarlóidh seo arís?

Fadhb a shárú

A Bheith Cruthaitheach

1. An dtig leat an fhadhb seo a athrú ina deis foghlama?
2. Cad é a thig leat a fhoghlaim ón fhadhb seo?
3. Cá háit a dtig leat cuidiú a fháil?
4. An dtig leat cuid mhór bealaí éagsúla a thriail leis an fhadhb a réiteach?

Smaointe a chur i bhfeidhm

A Bheith Cruthaitheach

1. Cad iad na smaointe atá agat?
2. Roghnaigh an ceann is fearr.
3. An dtig leat plean a dhéanamh nó léaráid a tharraingt den smaoineamh agat?
4. Cad é mar a dhéanfaidh tú an smaoineamh agat a thriail?
5. Cad é a dhéanfaidh tú mura n-éireoidh leis?

Bacainní a shárú

A Bheith Cruthaitheach

1. An bhfuil sé doiligh tús a chur leis?
2. An dtig leat tosú áit éigin eile agus teacht ar ais chuig an tús ina dhiaidh sin?
3. Déan iarracht é a dhéanamh ar dhóigh nua, in ionad é a dhéanamh ar an ghnáthdhóigh.
4. An dtig leat léarscáil intinne a tharraingt nó liosta pointí a dhéanamh le cuidiú leat do chuid smaointeoireachta a phleanáil?

Smaointe a roinnt

1. Cad é an dóigh is fearr leis na smaointe agat a thaispeáint do dhaoine eile?
2. An dtiocfadh leat pictiúr a tharraingt?
3. An mbeadh léarscáil intinne nó rud éigin eile níos éifeachtaí?
4. Déan iarracht do chuid smaointe a cheangal le chéile le go dtuigfidh daoine eile iad.

Ar thuig siad do chuid smaointe?

1. Ar thuig daoine eile an smaoineamh agat chomh maith ceánna agus a thuig tú féin é?
2. Cad chuige ar/nár thuig?
3. Cad é a thiocfadh leat a dhéanamh le cuidiú le daoine eile é a thuiscint?
4. An dtiocfadh leat dathanna difriúla a úsáid le smaointe difriúla a chur in iúl?
5. An dtiocfadh leat pictiúir a tharraingt?

Bain triail as!

1. Smaoinigh ar an dóigh a ndéanann tú tascanna den chineál seo de ghnáth.
2. Déan plean gasta.
3. An dtig leat é a dhéanamh ar dhóigh ar bith eile?
4. An dtig leat triail a bhaint as dóigheanna éagsúla lena dhéanamh?
5. Bain triail as go bhfeicfidh tú cad é a tharlóidh!

Samhlaíocht

A Bheith Cruthaitheach

1. Agus tú ag obair, an mbaineann tú leas as do shamhlaíocht le cuidiú leat?
2. Déan liosta de na dóigheanna a gcuidíonn do shamhlaíocht leat.
3. Cad é mar a thig leat a chinntiú go gcuimhneoidh tú ar na smaointe a bhíonn agat?
4. An dtig leat iad a léiriú sa dóigh is go dtuigfidh daoine eile iad?